- Marc Idirnáisiúnta Oideachais le haghaidh earnálacha an Ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla.
- Scéim náisiúnta a bhunófar chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint i gcás go ndúnann soláthraí go tobann.
- Feidhm an QQI chun muilte aistí agus foirmeacha eile den chaimiléireacht acadúil a ionchúiseamh.
- Institiúidí teicneolaíochta a bhunú mar fhorais neamhspleách cháiliúcháin.
- Cosáin trínar féidir le hinstitiúidí príobháideacha ollscoil a thabhairt orthu féin.

**Ceann ar Oideachas Idirnáisiúnta**

Is ról ardcheannaireachta é an Ceann ar Oideachas Idirnáisiúnta agus bainisteoidh an té a cheapfar feidhmeanna an Údaráis maidir le hoideachas idirnáisiúnta agus ócáidí idirnáisiúnta a ghabhann leis.

Tuairisceoidh an Ceann ar Oideachas Idirnáisiúnta don Stiúrthóir Dearbhaithe Cáilíochta, agus beidh cúram uirthi/air as seirbhísí dearbhaithe cáilíochta agus rialála don oideachas idirnáisiúnta a threorú, ach gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas:

- Beartas agus nósanna imeachta a bhunú agus a bhainistiú chun na marcanna oideachais idirnáisiúnta (IEM) a chur i bhfeidhm don ardoideachas agus don oideachas Béarla.
- Monatóireacht a dhéanamh ar cibé an gcomhlíonann soláthraithe an cód cleachtais don Mharc Idirnáisiúnta Oideachais.
- Bailíochtú na gclár don bhonnbhliain idirnáisiúnta agus do theagasc an Bhéarla a bhainistiú.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son an QQI i líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoideachas idirnáisiúnta.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh in aon ghrúpa tionscadail ad hoc tras-ghnó chun beartais agus gníomhaíochtaí gaolmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Dul i gcomhar le comhghleacaithe chun:
    - Cur le / páirt a ghlacadh i struchtúir rialachais.
    - Faisnéis thráthúil a sholáthar chun a chinntiú go gcuirtear soláthraithe ar an eolas faoi fhorbairtí beartais agus oibríochtúla.
    - Tuairimí na soláthraithe a lorg ar fhorbairtí beartais agus oibríochtúla a bhfuil súil leo nuair is cuí.

## Sonraíocht an phoist

Is post ceannaireachta é seo sa ghníomhaireacht agus laistigh de chóras oideachais idirnáisiúnta na hÉireann. Léireoidh an t-iarrthóir a roghnófar meascán d'inniúlachtaí suntasacha bainistíochta agus forbartha beartais.

### *Riachtanais an Róil:*

#### *Riachtanach:*

**Caithfidh** an t-iarrthóir idéalach a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil Taithí aici/aige ar oideachas idirnáisiúnta agus/nó dearbhú cáilíochta san oideachas ag leibhéal bainisteoireachta, Oideachas go céim mháistir nó a comhionann, Scileanna láidre cumarsáide béil agus scríofa, cuntas teiste ar bheartas agus nósanna imeachta a fhorbairt, cumas ceannaireachta foirne, feasacht idirchultúrtha agus scileanna bainistíochta oibríochta.

#### *Inmhianaithe*:

Scileanna bainistíochta tionscadail, tuiscint ar thosaíochtaí beartais in oideachas idirnáisiúnta na hÉireann san ardoideachas agus tuiscint ar thosaíochtaí beartais in oideachas idirnáisiúnta na hÉireann in oideachas Béarla.

**Ina theannta sin, iarrfar ar iarrthóirí a thaispeáint go bhfuil na scileanna/inniúlachtaí breise acu a shainaithnítear a bheith tábhachtach don ról. Ina measc sin tá:**

- Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach
- Breithiúnas agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Seachadadh Torthaí
- Eolas Speisialtóra ar Chaidreamh a Fhorbairt agus Cumarsáid,
- Saineolas & Féinfhorbairt
- Tiomantas agus Dílseacht i leith Luachanna Seirbhíse Phoiblí

**Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an bpost seo)**

## Pá

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:
€80,893, 83,354, 85,810, €88,270, €90,733, €93,189, €95,645, €98,106, €100,561, €103,254.

Féadfar breiseanna a dhámhadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha maidir le breiseanna tuarastail sa tSeirbhís Shibhialta/Phoiblí i gcoitinne.

Féadfar an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le beartas pá reatha an Rialtais. Tosóidh iontrálaithe nua isteach sa státseirbhís nó san earnáil

